

❖ An Lúibín ❖

9 Lúnasa 2004

Nuachtlitir Choicísiúil



Istigh is amuigh

English speakers are looking for houses in the Gaeltacht. Are local councils up to the job?

Tá an Ghaeltacht i gcónaí ann agus Aire ina feighil. Barúil aige nach bhfuil Comhairlí Contae ag cloí i gcónaí leis an gcóras pleanála ar cuspóir dó an teanga a chaomhnú sna paróistí sin a bhfuil sí á labhairt go fóill.

In agallamh le *Foinse* dúirt Éamon Ó Cuív go bhfuil Comhairlí éigin 'ag cur stádas Gaeltachta na gceantar atá faoina gcúram i mbaol'. B'fhéidir go ndéarfá go raibh an stádas úd i mbéala báis le fada agus go mb'fhearr éirí as an obair, ach ní comhairle í sin a dtabharfadh Aire Gaeltachta aird uirthi.. Is é aidhm na Roinne na ceantair úd a chosaint ar phlódú Béarlóirí ón taobh amuigh, aidhm nach féidir a chur i gcríoch gan cumas Gaeilge na ndaoine nua a mheasúnú. Is garr ó dúirt urlabhraí de chuid Chomhairle Chontae Chiarraí nach gcuirfí scrúdú Gaeilge ar dhaoine atá ar an liosta i gcomhair naoi dteach déag i mBaile an Fheirtéaraigh. Ba bheag an mhoill ar an Aire a fhógairt go mbeartódh coiste sa Roinn polasaí teanga chun teacht roimh an mBéarla sa chás seo. Ní dúirt sé cad a dhéanfadh sé chun bacadh ar aos óg na háite iompú ar theanga na nGall – fadhb (nó claonadh nádúrtha) a bhfuil a fuascailt thar chumas Aire ar bith.

Caomhnú na bportach

Irish bogs are now subject to environmental protection.

Is iontach an rud portach – rud beo a d'fhás go mall le míle bliain agus a thugann dídean anois d'éin, do mhíolta agus do na céadta saghas plandaí. Anois tá socrú déanta idir Éire agus an tAE chun na portaigh atá fós ann a chaomhnú. Ba mhó an t-ídiú a rinneadh orthu san aois seo caite ná mar a rinneadh riamh. Bhí móin á baint igcónaí ar an ngnáthshlí thraidisiúnta; bhí Bord na Móna á baint le haghaidh na stáisiún cumhachta ón mbliain 1946 i leith; agus bhí comhlachtaí beaga i mbun oibre freisin. Anois an t-am má tá cuid de na portaigh le sábháil, agus tá cúiteamh á tairiscint ag an tAE.

Ach níl gach duine sásta, mar ba léir ó scéal i *Lá* i dtaobh fir de bhunadh Ghaoth Dobhair a bhíonn ag díol móna faoi áiteanna cosúil le Rann na Feirste. Faigheann sé suas le céad seachtó euro ar leantóir amháin móna, agus é in ann suas le deich gcinn acu seo a dhíol i rith an tsamhraidh gan stró. Níl sé sásta ach oiread éirí as an obair gan chúiteamh i bhfad níos mó. 'Beidh muidne ag baint móna linn mar a rinne na daoine a chuaigh romhainn,' ar seisean. B'fhéidir go mbeidís fad is a sheasfadh an mhóin agus gan buíochas don dlí; ach mar sin féin is léir go bhfuil deireadh go dtí an portach ag a gclann.



Musical Guinness

A group of well-practised musicians will shortly be visiting Australia.

Tá an *Guinness Celebration of Irish Music* ag filleadh ar an Astráil tar éis seacht mbliana. Finbar, Martin agus Áine Furey, Cherish The Ladies (banna ceoltóirí mná as Meiriceá), Chris Newman agus Máire Ní Chathasaigh, Arty McGlynn, Nollaig Casey agus Gibb Todd. Ceoltóirí oilte iad go léir.

Ticéid:

\$79.00 lánphraghas

\$59.00 lamháltas agus páistí

\$69.00 deichniúr nó níos mó

Áiteanna agus dátaí:

BRISBANE Ticéid - QTI Guthán 136 246	Concert Hall	8 Meán Fómhair	8.00pm
SYDNEY Ticéid - TICKETEK Guthán 02 9266 4800	State Theatre	9 Meán Fómhair	8.00pm
MELBOURNE Ticéid - TICKETMASTER7 Guthán 136 100	Arts Centre, Hamer Hall	11 Meán Fómhair	8.00pm
PERTH Ticéid - BOCS TICKETING Guthán 08 9484 1133	Concert Hall	12 Meán Fómhair	5.00pm
ADELAIDE Ticéid - BASS Guthán 131 246	Her Majesty's Theatre	14 Meán Fómhair	8.00pm



Léirmheas ceoil: 'O' le Damien Rice

Daniel Rice is a young acoustic musician from Dublin who, with his partner Lisa Hannigan, put out a CD of his own songs called 'O'. It was well-received and is now available in Australia - individual (even idiosyncratic) music.

Tháinig an beart, dlúthdhiosca istigh ann agus roinnt cóipeanna de léirmheasanna a dúirt go bhfuil an ceol os cionn ranna - an tuairimíocht is fearr le comhlacht ceoil, gan aon fhocal de cháineadh. Éisteadh leis. Guth solúbtha an Rísigh os cionn giotáir fhíneálta, guth tnúthánach a chomhamhránaí Lisa Hannigan, guth séimh dorcha na dtéad. Seiftiúlacht na gcóiriúchán.

Tá an Rísigh ar an dream sin de cheoltóirí a bhfuil tocht ina gceol agus cuimhne acu ar uaigneas an tsaoil. Tá, buíochas le Dia, na scileanna aige chun rud fiorealaíonta a dhéanamh den ábhar. Ní beag de chúnamh aige guth agus mothú Hannigan. An té a bhfuil súil aige le sainbhlais áit dhúchais an Rísigh a fháil ar na hamhráin seo ní bhfaighidh sé é, ach gheobhaidh sé sásamh de shaghas eile: ceol ó shraideanna an domhain trí bhraistint aon

duine amháin. An-ráchairt in Éirinn ar an amhrán ‘The Blower’s Daughter’ nuair a cuireadh amach mar cheann singil é; an-ráchairt arís ar an albam. An fear féin i mbun na ngigeanna ó shin.

Is é is baol don chineál seo ceoil an mhíniúacht, agus ní déarfainn gur tháinig Rice slán ar fad ón nguais. Ar an dóigh seo díolann sé as a fhéiniúlacht – an bhraistint shochorraithe sin atá an-ghafa lena scéal féin. D’oirfeadh breis spreactha agus boirbe d’éisteoirí éigin.

Tá an clúdach faiseanta go leor - liricí lámhscríofa atá beagnach doléite, íomhánna gioblacha fileata. Bímis buíoch de ghlinne ghuth an amhránaí: *Agus sin mar atá, go díreach mar a dúirt tú, an saol gan bhuairt formhór an ama, agus sin mar atá sé, an scéal is giorra, gan ghrá gan ghlóir, gan laoch ina spéirse...*

Nach bocht an rud é, dála an scéil, nach bhfuil teacht ar cheol Gaeilge den saghas seo – ceol comhaimseartha a oireann don saol uirbeach mar mhalairt ar cheol traidisiúnta athchúrsaílte. Ós ag brath ar Bhéarla atáimid sa chás seo, áfach, is iomaí rud ba mheasa a dhéanfá ná an ceol seo a cheannach agus dul ag éisteacht leis an bhfear féin má thagann sé chomh fada leis an tír seo.

‘O’ – Damien Rice: DRM 5046647885



Irisí and nuachtáin

Feasta and Beo both provide reading material (articles or stories) online. The websites for Comhar and An tUiltach provide publishing details and a description of contents. An Doras has archived editions but otherwise seems to be defunct. Both Foinse and Lá have online editions.

IRISÍ

Beo: Iris ar-líne a bhfuil ábhar as gach cearn inti (an Astráil san áireamh), agus ábhar d’fhoghlaimoírí.

www.Beo.ie

Feasta: Iris Chonradh na Gaeilge – cúrsaí sóisialta, cultúir agus litríochta. Cuid de na scéalta agus de na haltanna ar fáil ar-líne.

www.feasta.ie

Comhar: Príomhíris na Gaeilge - cúrsaí sóisialta, cultúir agus litríochta. Buneolas ar fáil.

www.comhar-iris.ie

An tUiltach: Iris mhíósúil Chomhaltas Uladh. Buneolas ar fáil.

www.antultach.co.uk

An Doras: Iris Mheiriceánach a phléann le cultúr na hÉireann. Seanaltanna ar fáil.

www.gael-image.com/doras

NUACHTÁIN

Foinse: Nuachtán seachtainiúil náisiúnta. Achoimriú déanta ar na scéalta.

www.foinse.ie

Lá: Nuachtán seachtainiúil náisiúnta. Aird ar leith aige ar chúrsaí an Tuaiscirt.

www.nuacht.com



Easaontóirí agus an Idirlíon san Áise

Internet wars in Asia - the subject of a new book and a lively discussion at the launch.

Is gearr ó bhí fóram agus lánseáil leabhair ann i Melbourne faoi choimirce an AIIA – Australian Institute of International Affairs. Is é teideal an leabhair *Asian Cyberactivism: Freedom of Expression and Media Censorship* – teideal acadúil ar ábhar fíorshuimiúil. Cuireann an leabhar síos ar ghníomhaithe i gcuid de thíortha na hÁise agus iad ag baint feidhme as an Idirlíon chun eolas a scaipeadh, a gcairde a chruinniú agus brú a chur ar pholaiteoirí. Ní gan dua a dhéantar é seo, mar tá stáit an réigiúin tugtha don chinsireacht, agus fonn orthu eolas a stiúradh ar an dóigh is fearr leo féin. Is eol do chách conas a fhéachann an tSín lena cuid féin den ghréasán domhanda a smachtú, agus ní taise do Shingepór agus don Mhalaeisia é. Ábhar á fhaire, iachall á chur ar sholáthraithe Idirlín taifead de theachtaireachtaí ríomphoist a choinneáil. Feidhm á baint as dlíthe i goinne spam chun cur isteach ar an liosta seoltaí atá ag eagraíochtaí áirithe. Pléadh na rudaí seo agus rudaí eile ag an bhfóram, agus ba mhaith an sás chun na hoibre iad na cainteoirí – meascán de ghníomhaithe agus de scoláirí.

Tugadh aird ar leith ar Shingepór, stáitín an-saibhir an-éifeachtach atá sáraithe i gcúrsaí ríomhaireachta; ba mhaith leis an Rialtas lárnasc eolais a dhéanamh den tír. Ní mór an cion atá ag an rialtas céanna ar easaontóirí, agus is maith leis na húdaráis scaipeadh an eolais a choinneáil faoi shlat acu féin. ag comhairliú do rialtais eile. Mar sin féin, tá iriseoirí agus eile ann a dhéanann iarracht ar an údarásacht a sheachaint agus suímh neamhspleácha nuachta a chur ar bun. Níl aon amhras ná go dtugann na polaiteoirí aird ar a leithéidí agus go fiú ar shuímh phríobháideacha a chuireann tuairimí neamhoifigiúla in iúl.

Stát Síneach is ea Singepór i ndáiríre, ach tá ciníochas eile ann, agus Muslamaigh de shliocht Malaech ina measc. Chuir Zulfikar Mohd Sharrif síos go soiléir deisbhéalach ar a gcás agus ar an iarracht a rinne siad ar ghréasán neamhspleách díospóireachta a sholáthar dóibh féin gan buíochas don rialtas. Bhí baint aige seo (Saba Ummat) leis an suíomh *Fateha.com*, a cuireadh ar bun mar sholáthraí. Ghoill na haltanna polaitiúla agus sóisialta a bhí air chomh mór sin ar pholaiteoirí áirithe gur éiligh siad go ndúnfaí an suíomh, rud nár tharla. Fuair *Fateha.com* ó 10,000 go dtí 14,000 cuairt in aghaidh an lae – 20% acu ó Mheiriceá (ó Virginia go háirithe) agus 50% ó Shingepór (ón Rialtas féin go minic). Tuige Virginia? Rinne an cainteoir tagairt chleithmhagúil don CIA, a bhfuil a gceanncheathrú sa stát sin.

Tharraing Rialtas Shingepóir orthu cleas dá gcuid de bharr na tuairimíochta neamshrianta seo agus dúirt le Saba Ummat gur chóir dóibh iad féin a chlárú mar pháirtí polaitiúil. Chuir siad suas dó agus d'fhiafraigh cén fáth nach ndéanfaí na nuachtáin a chlárú ar an gcúis cheanna agus ar an tslí céanna. D'éirigh an rialtas as an imreas. Mar a dúirt Zulfikar Mohd Sharrif, ní bheadh ach dhá rogha ag mionpháirtí - breabanna a ghlacadh nó dul i ngéibheann. Tá *Fateha.com* dúnta faoi láthair toisc Zulfikar a bheith as baile.

D'éirigh leis an bpobal Malaech an-bhrú a chur ar a n-ionadaí oifigiúil, an tAire Gnóthaí Malaecha, tríd an ríomhphost. Tá an tAire ina 'Shabhdán' ar na Malaeigh, cé nach aige atá an chumhacht tar éis an tsaoil, agus bhí an fear bocht á chiapadh ag ceisteanna deacra – rud nárbh fhéidir leis a chosc.

Stát an-mheasctha is ea an Mhalaeisia, ach tá an rialtas lán chomh cáiríseach ar chúrsaí 'slándála' agus smachta. Is leis na páirtithe polaitiúla féin na nuachtáin, na cainéil theilifíse agus na stáisiúin raidió. Níor choisc sin roinnt iriseoirí neamhspleácha ar nuacht a bhailiú agus a scaipeadh tríd an Idirlíon ar an suíomh Malaysia Kini ('An Mhalaeisia Anois'), agus an-éileamh ar an ábhar. Dúirt iarstátseirbhíseach Malaieseach a bhí ann go mbíodh drogall ar

a leithéidí cuairt a thabhairt ar an suíomh san oifig ar eagla go mbéarfaí orthu, go fiú nuair nach raibh sin coiscthe go díreach orthu – sampla maith den fhéinchinsireacht.

Díol spéise é a laghad úsáid a bhaineann an rialtas féin as an Idirlíon, agus tá an leisce chéanna ar na hinstitiúidí oifigiúla i gcoitinne. Is é an t-easaontas a spreagann daoine chun gnímh.

Thug Maya Raganathan cuntas ar úsáid an Idirlín sa Chaismir agus i Sri Lanka chun féiniúlacht náisiúnta a neartú. Baineann na LTTE (na Tíogair Thamalacha) feidhm spleodrach as an Idirlíon; níl an dara rogha acu agus iad coiscthe mar eagraíocht sa bhaile. Is minic a gcuid suíomh á rith ón Eoraip - suímh éifeachtacha atá lán d’eolas, más eolas claonta féin é. Daoine oilte iad na Tamalaigh agus taithí acu ar an Idirlíon, gléas a oibríonn measartha maith sna ceantair rialtais. Tá sé de bhuntáiste ag na LTTE go bhfuil siad ar aon intinn, ach sa Chaismir tá céad is tríocha grúpa ar a laghad ann, cuid acu ar son na hIndia, cuid ar son na Pacastáine, agus cuid eile ar son an neamhspleáchais, agus ní féidir leo labhairt d’aonghuth faoi rud ar bith. Cibé suímh atá ann is cuid den chogadh iad: is beag an mhoill ar haicéirí san India nó sa Phacastáin suímh an taoibh eile a ionsaí. An ceann a chonaic tú inné beidh sé imithe amárach – ach feicfidh tú arís é i gceann seachtaine. Níl aon éileamh mór ar an Idirlíon san India faoi láthair, áfach, toisc é a bheith chomh mall sin. (Dúirt duine amháin gur thóg sé daichead nóiméad uirthi san India suíomh a hollscoile san Astráil a mhúscailt; ach ba dhóigh léi go raibh feabhas ag teacht air.) Níl léamh ach ag leath an phobail, agus tá siad sin sáite sna nuachtáin; an chuid nach bhfuil léamh acu éistean siad leis an raidió.

Mar a dúirt cainteoir amháin, rud gníomhach ‘téacsúil’ ba ea an tIdirlíon ar dtús: ach níl ann anois tríd is tríd ach áis neamhghníomhach ghabhálach, ag glacadh eolais ón Rialtas i dtíortha cinsireachta. Tá gá le gníomh arís.

Dúirt duine eile gurb é an gréasán daonna an rud is luachmhaire; is tábhachtaí na daoine ná an teicneolaíocht. Ní mór, mar sin, na daoine is lú eolas a bhaint amach. Is é an costas an fhadhb is mó i dtíortha bochta.



Oileán eile

Below is a botanical supplement of Australian plants with proposed names in Irish. Suggestions and comments welcome. An Lúibín intends to tackle other Australian terminology as well.

Faoi láthair tá rath éigin ar an teanga Ghaeilge san Astráil. Ní raibh súil leis seo roinnt blianta ó shin, ach anois is léir nach é an bás atá i ndán di. Tá sé in am againn, mar sin, féachaint chuige gur féidir linn í a úsáid mar theanga de chuid na tíre. Is iomaí rud atá i gceist anseo – aimsir, ainmhithe, luibheanna, nósanna agus eile. Na lusanna agus na féara ar dtús – nó cuid acu.

Léigh leat.

Leathanaigh luibheolaíoch

Féara agus lusanna na hAstráile

What is 'kangaroo grass' in Irish? Below are suggested names for Australian flora.

Dá mairfeadh an Ghaeilge gan bhriseadh san Astráil ó dheireadh an 18ú haois i leith bheadh ainmneacha Gaeilge againn ar lusanna agus ar luibheanna na tíre. Níor tharla sin, agus anois an t-am chun an bhris a thabhairt isteach. Sa liosta thíos tá plandaí atá coitianta i Victoria na hAstráile, áit dhúchais *An Lúibín*. Treoir thraidisiúnta a bhí againn agus na hainmneacha á gcumadh, i.e. an chosúlacht atá ar na plandaí, rud atá bunoscionn uaireanta leis an luibheolaíocht féin: ní fíorluachair í *Lomandra filiformis* (wattle mat-rush/luachair fhite), mar shampla.

Fuarthas nod ó am go chéile ó ainm planda Éireannaigh nó ó ainm i mBéarla na hAstráile.

Nóta: *f* = firinsneach; *b* = baininsneach.



<i>Agrostis avenacea</i> Féar fada fíneálta.	Blown grass	Féar <i>fl</i> gaoithe
<i>Austrodanthonia caespitosa</i> Féar cruá comónta.	Common wallaby grass	Féar <i>fl</i> machaire
<i>Austrodanthonia duttoniana</i> Tagann dath rua ar na bláthanna.	Brown-back wallaby grass	Féar <i>fl</i> rua
<i>Austrodanthonia geniculata</i> Féar comónta altach.	Kneed wallaby grass	Gabhalfhéar <i>fl</i>
<i>Austrostipa bigeniculata</i> Féar díreach agus 'biorach'.	Kneed spear-grass	Biorachán <i>fl</i> altach
<i>Austrostipa scabra ssp. Falcata</i>	Rough spear-grass	Biorachán <i>fl</i> garbh
<i>Dichelachne crinita</i> Féar foltach fada. Cleití air i ndeireadh an earraigh agus i dtús an tsamhraidh.	Long-hair plume grass	Cleiteach <i>fl</i> fada
<i>Elymus scabrus</i> Cuma na cruithneachta uirthi.	Common wheat-grass	Féar <i>fl</i> cruithneachta
<i>Microlaena stipoides</i> Cuma shilte air go minic.	Weeping grass	Silteachán <i>fl</i>
<i>Poa labillardieri</i> Féar garbh cruá comónta.	Common tussock-grass	Féar <i>fl</i> an bhodaigh
<i>Poa morrisi</i> Féar an-bhog.	Velvet tussock-grass	Mínín <i>fl</i> glas
<i>Themeda triandra</i> Bláthanna beaga rua air.	Kangaroo grass	Féar <i>fl</i> na scothóg rua
<i>Adiantum aethiopicum</i> Gas dorcha aige.	Common maidenhair	Dúchosach <i>fl</i> mín
<i>Calocephalus citreus</i> Bláthanna beaga cruinne buí air.	Lemon beauty heads	Lus <i>f3</i> na gcnapán buí

<i>Chrysocephalum semipapposum</i>	Clustered everlasting Bláthanna buí ina mbraislí uirthi.	Braisle b4 buí
<i>Dianella longifolia</i>	Pale flax-lily Bláthanna beaga gorma uirthi.	Lile b4 ghorm
<i>Dianella revoluta</i>	Black-anther lily Bláthanna gorma uirthi, iad dubh agus buí ina lár.	Lile b4 na súl
<i>Einadia nutans</i>	Nodding saltbush Féar íseal ceannéadrom. Caora dearga air.	Lus f3 gorm an rince
<i>Enchylaena tomentosa</i>	Ruby saltbush Caora dearga, caora buí.	Lus f3 gorm na
<i>Lobelia alata</i>	Angled lobelia Gas fiar aige.	Cloigín f4 fiar
<i>Lomandra filiformis</i>	Wattle mat-rush Cuma na luachra uirthi; í fite ina chéile.	Luachair b3 fhite
<i>Lomandra longifolia</i>	Spiny-headed mat-rush Cuma na luachra uirthi; bláthanna beaga buí ina mbraislí uirthi.	Luachair b3 na réaltóg
<i>Senecio quadridentatus</i>	Cotton fireweed	Liathlus f3
<i>Vitadinia cervicalis</i>	New Holland daisy Gas fada aige. Bláthanna beaga air.	Nóinín f4 Astrálach
<i>Vitadinia muelleri</i>	Narrow-leaf New Holland daisy	Nóinín f4 duillchaol
<i>Wahlenbergia communis</i>	Tufted bluebell	Cloigín f4 dosach
<i>Wahlenbergia luteola</i>	Yellowish bluebell	Cloigín f4 buí

Beidh a thuilleadh ainmneacha sa chéad eagrán eile.



Colin Ryan
colger@melbpc.org.au

